Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



# Éire Dhomhanda

## Straitéis na hÉireann don Afraic go dtí 2025

‘Tá sé d’fhéidearthacht ag an Afraic a bheith ina mór-roinn a bhfuil gealladh fúithi agus a bhfuil deiseanna inti sa chéad aois is fiche dár gcuid. Iompróidh sí dóchais, brionglóidí agus uaillmhianta ár ndomhain i gcoitinne.’

An tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn, 2018

*Íomhá Chumhdaigh: Ceanncheathrú an Aontais Afracaigh, Ādis Ābeba, an Aetóip*
© RGET

# An Clár Ábhar


**2** Réamhrá

**5** Cuspóirí Straitéiseacha

**6** Cuspóir Straitéiseach 1
*Comhpháirtíochtaí straitéiseacha polaitiúla níos láidre leis an Afraic*

**8** Cuspóir Straitéiseach 2
*Síocháin, slándáil agus meas ar chearta an duine agus ar riail an dlí*

**10** Cuspóir Straitéiseach 3
*Fás geilleagrach cuimsitheach agus trádáil agus infheistíocht chun tairbhe an dá thaobh*

**12** Cuspóir Straitéiseach 4
*Ag obair leis an Afraic chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach*

**14** Cuspóir Straitéiseach 5
*Comhpháirtíocht an Aontais Eorpaigh níos uaillmhianaí leis an Afraic*

**16** Cuspóir Straitéiseach 6
*Foireann Éireann*

# **Éire Dhomhanda:** Straitéis na hÉireann don Afraic go dtí 2025



*An tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn ag tabhairt aithisc do Choimisiún Eacnamaíoch na Náisiún Aontaithe don Afraic, Ādis Ābeba, an Aetóip. Samhain 2014.*
*© Chris Bellew / Fennell Photography*

## Fís 2025

Caidrimh pholaitiúla, gheilleagracha agus chultúrtha na hÉireann leis an Afraic a dhaingniú agus a neartú, ag cur le síocháin, le rathúnas agus le forbairt inbhuanaithe.

## Leasanna

» Luachanna a chur chun cinn
» An Afraic faoi shíocháin agus faoi rath
» Geilleagair na hAfraice agus trádáil agus infheistíocht fhrithpháirteach le hÉirinn a fhorbairt
» *'Domhan Níos Fearr: Beartas na hÉireann um Fhorbairt Idirnáisiúnta'* a chur i bhfeidhm
» Feasacht ar Éirinn a ardú

## Comhthéacs

Don Afraic, seo ré na ndeiseanna; cuideoidh an Afraic lenár ndomhan a mhúnlú sa chúpla scór bliain roimh chomóradh céad bliain neamhspleáchas a tíortha.

Le Clár Oibre 2063 an Aontais Afracaigh leagtar an sprioc amach don mhór-roinn den '*Afraic chomhtháite, faoi rath agus faoi shíocháin, á spreagadh ag a saoránaigh féin, lena léirítear fórsa spleodrach sa réimse idirnáisiúnta*'. Fás spleodrach an daonra, meánaicme atá ag leathnú, bonneagar atá gar do mhais chriticiúil, an uaillmhian atá ag méadú chun margaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta a fhorbairt – is cúiseanna iad uile le huaillmhian agus le dóchas.

Má táthar chun an deis sin agus an uaillmhian sin a thapú, tá dúshláin le sárú ag an Afraic ar dtús, dúshláin a bhfuil a tíortha ag tabhairt fúthu le samhlaíocht, le neart agus le flaithiúlacht.

Áirítear leis na dúshláin sin leas a bhaint as an díbhinn atá de dhlúth agus d'inneach i bhfás an daonra, féidearthacht an chomhtháthaithe gheilleagraigh níos mó a uasmhéadú, agus an bonneagar a fheabhsú. Ní mór tacaíocht a thabhairt do stáit níos laige chun institiúidí agus córais a fhorbairt chun bearta a dhéanamh ar son a saoránach – san oideachas, i scileanna agus i gcruthú post ina measc. Tá aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin níos casta mar gheall ar cheisteanna móra amhail coinbhleacht, leochaileacht agus athrú aeráide.

Is chun leasa na hÉireann agus chun leasa na hEorpa go mbeadh an Afraic rathúil, go mbeadh an Afraic spleodrach agus go mbeadh rathúlacht na hAfraice ag dul i méid. Leis an *Straitéis don Afraic* seo leagtar amach fís maidir le conas a oibreoidh Éire go déthaobhach, mar Bhallstát tiomanta den Aontas Eorpach, agus go hidirnáisiúnta, go háirithe mar bhall de na Náisiúin Aontaithe, chun caidrimh a dhaingniú atá chun leasa an dá thaobh, agus mar fhreagairt ar dhúshláin chomhchoiteanna agus dhomhanda, agus forbairt á déanamh ar chaidrimh sheanbhunaithe agus dhoimhne.

Ba iad ár startha comhchoiteanna agus cosúla ba chúis leis an gcéad láithreacht taidhleoireachta a bhí ag Éirinn ar an mór-roinn seasca bliain ó shin, atá anois fásta go 12 Ambasáid ó Chaireo go Pretoria. Leis na ceangail sin atá ag éirí níos dlúithe leantar le dlúthpháirtíocht na hÉireann le muintir na hAfraice a threorú, go háirithe mar a léirítear i mbeartas forbartha idirnáisiúnta na hÉireann, *Domhan Níos Fearr*. Leagtar amach uaillmhian an Rialtais sa Straitéis sin chun gnéithe uile na gcaidreamh sin a dhaingniú mar chuid den tionscnamh *Éire Dhomhanda*.

Téann ár gceangail muintir le muintir siar na céadta bliain, agus áirítear leo misinéirí, oideoirí, oibrithe sláinte agus forbartha, freagróirí daonnúla agus le déanaí coimeádaithe síochána na hÉireann, ón gCongó in 1960 go dtí Mailí sa lá atá inniu ann, agus tairbhe bhuan á déanamh ar son na síochána agus na slándála. Déantar na ceangail dhaonna sin a shaibhriú a thuilleadh trí láithreacht phobail na hAfraice in Éirinn.

Tá naisc ghnó na hÉireann leis an Afraic ag méadú sa dá threo agus, de réir mar a leantar le fás geilleagrach na hAfraice, déanfar na naisc sin – bíodh siad i dtrádáil in earraí agus i seirbhísí, nó in infheistíochtaí – a dhaingniú agus a aibiú.


Tá cur chuige an Aontais Eorpach i leith na comhpháirtíochta leis an Afraic ag éirí níos uaillmhianaí. Mar mhór-ranna in aice láimhe, tá rathúnas agus slándáil na hEorpa agus na hAfraice le chéile fite fuaite ina chéile. Is é an tAontas Eorpach an comhpháirtí trádála is mó atá ag an Afraic, an fhoinse infheistíochta is mó dá cuid agus an comhpháirtí is mó atá aici maidir le comhar um fhorbairt.

Tacaíonn Éire go láidir le cur chuige an Aontais Eorpaigh i leith na hAfraice a bheadh i bhfad níos uaillmhianaí. Chuige sin is gá go mbeadh Éire an-eolach, go háirithe trí rannpháirtíocht fheabhsaithe le tíortha na hAfraice ionas gur féidir le hÉirinn abhcóideacht a dhéanamh laistigh den Aontas Eorpach maidir le ceisteanna atá chun a leasa – mar an tír is mó a labhraíonn Béarla atá fós san Aontas Eorpach go háirithe.



*An Taoiseach Leo Varadkar, T.D., ag bualadh le hUachtarán Mhailí, A Shoilse Ibrahim Boubacar Keïta, in Bamako, Mailí. Eanáir 2019. © Merrionstreet*

Tá córas idirnáisiúnta éifeachtach, bunaithe ar rialacha ag croílár fhís na hÉireann le haghaidh domhan síochánta, rathúil. Creideann Éire, ach oiread leis an Aontas Afracach, go ndéanfaimid ár gcuid oibre is fearr chun fadhbanna domhanda a réiteach nuair a oibrímid le chéile, trí na Náisiúin Aontaithe, trí eagraíochtaí daonnúla idirnáisiúnta, tríd an gcóras trádála iltaobhaí leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ag a chroí, agus trí institiúidí airgeadais forbartha iltaobhaí agus réigiúnaí. Tá tíortha na hAfraice, arb ionann iad agus níos mó ná ceathrú de bhallstáit na Náisiún Aontaithe, ríthábhachtach dá rath. Oibreoidh Éire le comhpháirtithe na hAfraice chun iltaobhachas a neartú agus oibreoidh sí chun nádúr cuimsitheach agus daonlathach na n-institiúidí iltaobhacha agus na bpróiseas iltaobhach a fheabhsú. Ar an mbealach sin, méadóimid guth na hÉireann mar thaca le domhan níos córa, níos cothroime agus níos fíréanta ar aon dul lenár luachanna agus lenár leasanna.



*Tá Crann Síoda Cadáis Freetown, Eas Victoria, Pirimid Mhór Giza agus Hoerikwaggo Cape Town ar roinnt de chomharthaí talún na hAfraice ar cuireadh dath glas orthu chun Lá Fhéile Pádraig a cheiliúradh. © RGET/ © Turasóireacht Éireann*

# Cuspóirí Straitéiseacha

D'fhonn ár rannpháirtíocht leis an Afraic a mhéadú chun uaillmhianta '*Éire Dhomhanda: Lorg Domhanda na hÉireann go dtí 2025*' a bhaint amach, mar aon leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, tabharfaidh Éire faoi na sé chuspóir straitéiseacha a leanas:

**1**

Forbróidh Éire comhpháirtíochtaí polaitiúla níos láidre le tíortha na hAfraice chun tabhairt faoi dhúshláin náisiúnta, réigiúnacha agus dhomhanda.

**2**

Cuirfidh Éire síocháin, slándáil, agus meas ar chearta an duine agus ar riail an dlí chun cinn.



**3**

Tacóidh Éire le fás geilleagrach cuimsitheach agus le caidrimh níos doimhne um thrádáil agus infheistíocht.

**4**

Oibreoidh Éire le tíortha na hAfraice ina gcuid iarrachtaí chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, agus fócas ar leith ar theagmháil a dhéanamh leo siúd is faide ar gcúl ar dtús.

**5**

Déanfaidh Éire comhpháirtíocht an Aontais Eorpaigh níos uaillmhianaí agus níos éifeachtaí leis an Afraic a chur chun cinn agus cuirfidh sí léi.

**6**

Tabharfaidh Éire faoi chur chuige comhoibritheach 'Foireann Éireann' inár gcuid oibre uile san Afraic.


# 1

## Forbróidh Éire comhpháirtíochtaí polaitiúla níos láidre le tíortha na hAfraice chun tabhairt faoi dhúshláin náisiúnta, réigiúnacha agus dhomhanda.

Déanfaimid comhpháirtíochtaí le tíortha na hAfraice a dhaingniú agus a leathnú mar bhunús le rannpháirtíocht níos cuimsithí agus níos comhleanúnaí go déthaobhach, go réigiúnach agus go domhanda. Leis an obair sin déanfar forbairt ar na ceangail láidre agus bhríomhara muintir le muintir lena gcuirtear taca faoi chaidrimh na hÉireann le tíortha na hAfraice.

Chun sin a bhaint amach, déanfaimid an méid seo a leanas:

- **Feabhsóimid** ár gcaidrimh pholaitiúla trí choinní méadaithe idir Airí, trí níos mó comhghníomhartha ar cheisteanna réigiúnacha agus domhanda, agus trínár líonra d'Ambasáidí agus creidiúnaithe tánaisteacha a leathnú, agus fócas ar ár dtuiscint ar an Afraic Thiar agus Thuaidh agus ár láithreacht inti a fhorbairt.
- **Comhroinnfimid** taithí na hÉireann ar thacú le naisc agus iad a neartú lenár ndiaspóra domhanda; **feabhsóimid** ár rannpháirtíocht le diaspóra na hÉireann san Afraic, tríd an gClár um Thacaíocht d'Eisimircigh ina measc; agus **tógfaimid** líonraí cleamhnais agus diaspóra droim ar ais san Afraic chun taca a chur faoi chaidrimh dhéthaobhacha.
- **Osclóimid** comhráite nua le comhpháirtithe na hAfraice trí dhóigheanna nuálacha a fhorbairt chun cultúr na hÉireann a chomhroinnt agus comhoibriú cultúrtha a fhorbairt idir Éire agus an Afraic, lena n-áirítear trí úsáid níos éifeachtaí a bhaint as Lá Fhéile Pádraig agus Lá Fhéile Bríde ar fud na hAfraice.
- **Déanfaimid teagmháil** le pobail Afracacha in Éirinn trí imeachtaí amhail Lá na hAfraice chun tacú leis na ceangail muintir le muintir, trádála agus chultúrtha idir Éirinn agus an Afraic agus iad a fhorbairt.



*An Taoiseach Leo Varadkar, T.D., le Príomh-Aire na hAetóipe agus Buaiteoir Dhuais Nobel na Síochána 2019, A Shoilse Abiy Ahmed, in Ādis Ābeba, an Aetóip. Eanáir 2019. © Eyoel Kahssay*

Mar ghníomhaire domhanda, déanfaimid an méid seo a leanas:

» **Oibreoimid** i ndlúthchomhar le comhpháirtithe na hAfraice ag na Náisiúin Aontaithe chun comhleasanna a chur chun cinn agus chun tacú le hiarrachtaí chun na Náisiúin Aontaithe a athchóiriú d'fhonn guth níos láidre a thabhairt don Afraic, go háirithe ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus trí rannpháirtíocht na hAfraice i bpríomhphróisis idirnáisiúnta, amhail Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide, agus i dtionscnaimh chun a áirithiú go mbeidh fáil fheabhsaithe ag tíortha na hAfraice ar chistí forbartha idirnáisiúnta, airgeadas don athrú aeráide ina measc.

» **Má thoghtar** ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe sinn, oibreoimid le baill A3 na hAfraice ar an gComhairle agus le tíortha eile na hAfraice chun a chinntiú go dtugtar tús áite do cheisteanna a bhaineann leis an Afraic, bunchúiseanna na coinbhleachta, coinbhleacht a chosc, agus athmhuintearas ina measc.

» **Neartóimid** rannpháirtíocht leis an Aontas Afracach agus tacóimid lena chuid oibre chun forbairt chuimsitheach agus inbhuanaithe a bhaint amach san Afraic trí Chlár Oibre 2063.

» **Tacóimid** le comhtháthú geilleagrach réigiúnach, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht a mhéadú le Comhphobail Eacnamaíocha Réigiúnacha na hAfraice agus le Coimisiún Eacnamaíoch na Náisiún Aontaithe don Afraic, agus trí fhorbairt a dhéanamh ar ár rannpháirtíocht le Léig na Stát Arabach agus leis an Aontas don Mheánmhuir, eagraíochtaí réigiúnacha ag a bhfuil cuid mhaith baill Afracacha.

» **Treiseoimid** rannpháirtíocht le Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha na hAfraice, go háirithe d'fhonn tacú lena n-iarrachtaí chun tionchar a imirt ar phróisis dhomhanda trí *Straitéis na hÉireann maidir le Comhpháirtíocht le Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha.*

» **Leathnóimid** ár naisc institiúideacha leis an Afraic trí iarratas a chur isteach ar Stádas Comhlach Breathnóra ag an *Comunidade dos Países de Língua Portuguesa* (Comhphobal na dTíortha ina Labhraítear an Phortaingéilis), a bhfuil mórchuid a bhallstát san Afraic.



*An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney, T.D., agus Aire Gnóthaí Eachtracha na hÉigipte, Sameh Shoukry, i gCaireo. Eanáir 2018. © RGET*



*An tAire Stáit ar a bhfuil freagracht ar leith as an Diaspóra agus Forbairt Idirnáisiúnta, Ciarán Cannon, T.D., le Leas-Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, Amina Mohammed. Feabhra 2018. © UN Photos*

# 2

## Cuirfidh Éire síocháin, slándáil, agus meas ar chearta an duine agus ar riail an dlí chun cinn.

Mar oileán beag ag a bhfuil taithí le déanaí ar choinbhleacht, tá Éire tiomanta go daingean do chóras idirnáisiúnta atá cóir agus bunaithe ar rialacha.

Agus muid ag obair i gcomhar le tíortha na hAfraice, déanfaimid an méid seo a leanas:

» **Leathnóimid** ár dtacaíocht don tsíocháin agus don tslándáil ar an mór-roinn trí chaidrimh an Aontais Eorpaigh agus caidrimh réigiúnacha, dhéthaobhacha leis an Afraic a úsáid, idir chinn sheanbhunaithe agus cinn úrnua, go háirithe trí líonra ár nAmbasáidí, agus trí oiliúint síochánaíochta ag Scoil Oiliúna na Náisiún Aontaithe de chuid na hÉireann agus sa mhachaire.

» **Malartóimid** eispéiris ar fhorbairt síochána agus ar athmhuintearas, agus leas á bhaint as ár dtaithí ar oileán na hÉireann, lena dtreoraítear ár n-iarrachtaí maidir le coinbhleacht a chosc, a eadránú agus a réiteach.

» **Tacóimid** le ról ceannasaíochta do mhná maidir le coinbhleacht a chosc agus próisis forbartha síochána, agus áiritheoimid go mbeidh fócas ar chumhachtú daoine óga, agus ag an am céanna Rún 1325 na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil á chur chun cinn i gcomhar le comhpháirtithe san Afraic, lena n-áirítear trí idirphlé a éascú maidir le Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta a chur chun feidhme agus trí thacaíocht do Thoscaire Speisialta an Aontais Afracaigh maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil.



*An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney, T.D., an Captaen Deirdre Carbery agus an Leifteanantchoirnéal Mary Carroll le rannpháirtithe ag seoladh an Tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta de chuid na hÉireann maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil ag Coláiste na hOllscoile Corcaigh. Meitheamh 2019. © Julian Behal / RGET*




*An Leifteanantchoirnéal Mark Brownen le hOifigigh ón gCósta Eabhair agus ó Chamarún ag an Seimineár Síochánaíochta um Thíortha ina labhraítear Fraincis in Djibouti, ar thacaigh Éire leis. Meitheamh 2019. © Óglaigh na hÉireann*

- **Tacóimid** le Rún 2457 na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme maidir le ciúnú na ngunnaí agus tionscnaimh síochána agus slándála eile na hAfraice, agus forbairt á déanamh ar ról na hÉireann mar Thacadóir do thrí ghníomhaíocht faoi Chlár Oibre Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe um Dhí-armáil.
- **Neartóimid** caidrimh le heagraíochtaí taighde chun tuiscint a mhéadú ar cheisteanna síochána agus slándála san Afraic, agus chun cur le smaointeoireacht orthu sin.

Mar ghníomhaire domhanda, déanfaimid an méid seo a leanas:

- **Tacóimid** le forbairt síochána agus le síochánaíocht na Náisiún Aontaithe san Afraic trí leanúint le Coimeádaithe Síochána na Náisiún Aontaithe a imlonnú, trí rannpháirtíocht ghníomhach d'fhonn na cláir oibre um Shíocháin a Bhuanú agus um Ghníomhaíocht ar son na Síochána de chuid Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn, agus trí bhallraíocht na hÉireann ar Choimisiún Forbartha Síochána na Náisiún Aontaithe.
- **Tacóimid** le Comhphobail Eacnamaíocha Réigiúnacha an Aontais Afracaigh, a bhíonn go minic ina gcéad fhreagróirí i gcásanna géarchéime, chun coinbhleacht a chosc, chun coinbhleacht a réiteach agus in obair forbartha síochána.
- **Cosnóimid agus coimeádfaimid** obair eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus chosantóirí chearta an duine ar an láthair, go háirithe iad siúd atá ag obair ar son na ndaoine is leochailí, agus aitheantas á thabhairt don ról ríthábhachtach atá ag an tsochaí sibhialta maidir le sochaithe síochánta, cuimsitheacha agus rathúla a fhorbairt agus do chur chuige bunaithe ar chearta an duine.
- **Oibreoimid** lenár gcomhpháirtithe san Afraic chun cearta an duine agus riail an dlí a chur chun cinn agus a chosaint trí rannpháirtíocht dhéthaobhach agus réigiúnach, trí idirphlé leis an Aontas Eorpach agus trí rannpháirtíocht ar leibhéal na Náisiún Aontaithe.
- **Neartóimid** ár gcuid oibre chun institiúidí éifeachtacha a fhorbairt agus ár rannpháirtíocht i gcásanna leochaileacha atá buailte ag coinbhleacht, lena n-áirítear trí bhallraíocht na hÉireann in institiúidí airgeadais idirnáisiúnta.




*Tá MONUSCO i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó ar cheann den líon mór de mhisin síochánaíochta ina raibh coimeádaithe síochána na hÉireann agus na hAfraice ag obair le chéile le haghaidh síochána agus cobhsaíochta. © Óglaigh na hÉireann*

# 3

# Tacóidh Éire le fás geilleagrach cuimsitheach agus le caidrimh níos doimhne um thrádáil agus infheistíocht



*An tAire Stáit ar a bhfuil freagracht ar leith as an Diaspóra agus Forbairt Idirnáisiúnta, Ciarán Cannon, T.D., le Comhaltaí 2018-19 Chúnamh Éireann i Luimneach. Aibreán 2019. © Phil Behan / RGET.*

Téann sé chun tairbhe an dá thaobh tacú le fás geilleagrach cuimsitheach agus trádáil agus infheistíocht a threisiú idir Éire agus an Afraic.

D'fhonn luach na trádála dhá bhealach a mhéadú idir Éire agus an Afraic go dtí €5 bhilliún ar a laghad faoi 2025 agus chun infheistíocht a chur chun cinn, déanfaimid an méid seo a leanas:

- **Forbróimid** cur chuige na Foirne Margaidh Áitiúil chun onnmhairithe agus infheistíocht a fhás, cuirfimid fócas ar thrádáil san áireamh le líon méadaithe na gcuairteanna ó Airí chun na hAfraice, agus forbróimid líonraí gnó a thuilleadh le tograí inmharthana chun trádáil agus infheistíocht a threisiú.
- **Méadóimid** tacaíocht don nuáil trí chomhoibriú na hÉireann agus na hAfraice san earnáil phríobháideach a mhaoiniú, lena n-áirítear trí leathnú Chlár Forbartha Agraibhia na hAfraice, trí Chiste Forbartha Teicneolaíochta nua na hÉireann/na hAfraice a phíolótú, agus trí iniúchadh a dhéanamh ar infheistíocht i réimsí amhail fiontraíocht na mban agus nuáil ar son na haeráide.
- **Oibreoimid** le comhpháirtithe na hAfraice chun tacú le feabhsuithe ar thimpeallachtaí gnó agus infheistíochta agus chun institiúidí a neartú ionas go mbeidh córais rialachais acu atá follasach, cuntasach agus éifeachtach, agus maidir le riail an dlí, agus fás geilleagrach cothrom agus cuimsitheach, lena n-áirítear trí thionscnamh na hÉireann um Shlógadh Acmhainní Intíre an Rialtais iomláin agus trí thionscnamh maoinithe nua chun ceannasaíocht na mban a chur chun cinn sa ghnó san Afraic.



*An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney, T.D., le hUachtarán Phoblacht na Séiséal, A Shoilse Danny Faure, agus Ceanna Foirne na bhFórsaí Cosanta, an Leas-Aimiréal Mark Mellett, ag SeaFest – Féile Mhuirí Náisiúnta na hÉireann, Corcaigh. Meitheamh 2019. © Julian Behal / RGET*



*An tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys, T.D., ar cuairt ar scoil eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice a fhaigheann tacaíocht ó eagraíocht Éireannach, International Computer Driving Licence (ICDL), le linn misean trádála chuig an Afraic Theas. Samhain 2019. © Fiontar Éireann/BWC*

- **Cuirfimid** le Fóram Eacnamaíoch ardleibhéil tríbhliantúil na hAfraice/na hÉireann trí chlár bliantúil de sheimineáir fhócasaithe agus trí rannpháirtíocht le gníomhairí na hearnála príobháidí agus neamhrialtasacha.
- **Tacóimid** le comhpháirtíochtaí idir institiúidí tríú leibhéal na hÉireann agus na hAfraice, cuirfimid Éire chun cinn mar áit chun staidéar agus taighde a dhéanamh, agus déanfaimid líon na gComhaltachtaí atá ar fáil do mhic léinn ón Afraic a dhúbailt go dtí 150 gach bliain faoi 2025.
- **Treiseoimid** comhpháirtíochtaí agus malartuithe na hÉireann/na hAfraice chun foghlaim óna chéile maidir le leas a bhaint as féidearthachtaí **an gheilleagair ghoirm** ar bhealach inbhuanaithe agus cuimsitheach.
- **Leathnóimid** agus feabhsóimid líonra na hÉireann de Chomhaontuithe um Chánachas Dúbailte san Afraic, ar aon dul le caighdeáin idirnáisiúnta agus ag freastal ar chomhleasanna.

Mar ghníomhaire domhanda, déanfaimid an méid seo a leanas:

- **Tacóimid** le comhtháthú geilleagrach réigiúnach agus le cur chun feidhme Chomhaontú Saorthrádála Mhór-roinn na hAfraice, lena n-áirítear trí thaithí na hÉireann ar chomhtháthú réigiúnach a chomhroinnt.
- **Beimid** inár mball de Bhanc Forbartha na hAfraice agus beimid ag plé go gníomhach leis an mbanc, agus le hinstitiúidí airgeadais eile atá san Afraic, chun tacú le fás geilleagrach cuimsitheach agus inbhuanaithe.
- **Méadóimid** ár dtacaíocht don chóras trádála iltaobhaí bunaithe ar rialacha, agus an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ag a chroílár, d'fhonn a áirithiú gur féidir le tíortha na hAfraice páirt a ghlacadh i dtrádáil atá saor agus oscailte agus gur féidir leo leas a bhaint aisti, lena n-áirítear tionscnamh um Chabhair le haghaidh Trádála na hEagraíochta Domhanda Trádála.

# 4

## Oibreoimid le tíortha na hAfraice ina gcuid iarrachtaí chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, agus fócas ar leith ar theagmháil a dhéanamh leo siúd is faide ar gcúl ar dtús.

Agus forbairt á déanamh ar ár ról mar chomhchathaoirleach, leis an gCéinia, ar idirbheartaíocht na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, tá Éire tiomanta d'fhís na Spriocanna sin de dhomhan níos sábháilte, níos cothroime agus níos inbhuanaithe a chur chun cinn.

Agus muid ag obair i ndlúthchomhar le tíortha na hAfraice, déanfaimid an méid seo a leanas:

- **Méadóimid** ár dtacaíocht d'iarrachtaí thíortha na hAfraice chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach trí chur le huaillmhian bheartas forbartha idirnáisiúnta na hÉireann, '*Domhan Níos Fearr*', agus fócas ar ghníomhú ar son na haeráide, ar chomhionannas inscne, ar rialachas neartaithe agus ar ghanntanas daonnúil a laghdú; agus idirghabhálacha a bheidh dírithe ar chosaint, ar bhia agus ar dhaoine; mar aon le béim ar theagmháil a dhéanamh leo siúd is faide ar gcúl ar dtús.
- **Forbróimid** institiúidí éifeachtacha le haghaidh torthaí ionchuimsitheacha, i dtreo teacht uilíoch ar chúram sláinte, ar oideachas agus ar choimirce shóisialach, mar thaca le pleananna forbartha náisiúnta na gcomhpháirtithe iad féin agus le Clár Oibre 2063 an Aontais Afracaigh, agus fócas ar leith ar mhná agus ar chailíní, ar mhionlaigh agus ar dhaoine faoi mhíchumais.
- **Cuirfimid** lenár gcur chuige comhtháite maidir le bia agus córais bhia, lena n-áirítear trí Thascfhoireann a sheoladh chun cur le hobair Thascfhórsa an Choimisiúin Eorpaigh don Afraic Thuaithe.
- **Tacóimid** le feabhas a chur ar shláinte agus ar chearta na mban, agus fócas láidir ar fhoréigean bunaithe ar inscne a chosc agus freagairt a dhéanamh ina leith.
- **Méadóimid** ár dtacaíocht don oideachas, go háirithe do chailíní agus do leanaí in éigeandálaí.



*Ionadaí Buan na hÉireann mar a bhí ann ag na Náisiúin Aontaithe, an tAmbasadóir David Donoghue, ag comhéascú na hidirbheartaíochta idir-rialtais maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe le hIonadaí Buan na Céinia, an tAmbasadóir Macharia Kamau, 2015. © IISD/ENB (enb.iisd.org/post2015/in1/21jan.html)*



*An tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn agus a Bhean Sabina Higgins ar cuairt ar sheomra ranga in Damayno, Tigray, an Aetóip. Samhain 2014.*
*© Chris Bellew / Fennell Photography*

» **Méadóimid** ár bhfreagairt do dhúshláin dhaonnúla agus forbartha san Afraic, agus ag an am céanna cuirimid cúnamh daonnúil d'ardchaighdeán ar fáil bunaithe ar riachtanas.

» **Cinnteoimid** go mbeidh fócas ag idirghabhálacha ar leochaileacht a laghdú, lena n-áirítear trí rialachas feabhsaithe, trí infheistíocht a dhéanamh i riosca tubaistí a laghdú agus i gcosaint shóisialta, agus trí réiteach coinbhleachta a chur chun cinn.

Mar ghníomhaire domhanda, déanfaimid an méid seo a leanas:

» **Oibreoimid** go dlúth le comhpháirtithe san Afraic, mar chuid dár dtiomantas chun Comhaontú Pháras ó 2015 a chur chun feidhme, d'fhonn a chinntiú go gcuirtear acmhainní ar fáil chun tabhairt faoin athrú aeráide áit a bhfuil géarghá leo; méadóimid ár maoiniú don ghníomhú ar son na haeráide; déanfaimid ár n-idirghabhálacha forbartha uile seasmhach i leith na todhchaí; cinnteoimid go mbeidh gníomhú ar son na haeráide ag croílár gach Straitéise Tíre nua san Afraic; agus fiosróimid cineálacha cur chuige nuálacha maidir le hairgeadas aeráide agus árachas riosca.

» **Tacóimid** le hiarrachtaí iltaobhacha chun dídeanaithe agus daoine a bhíonn ag gluaiseacht san Afraic a chosaint, lena n-áirítear leanúint leis na Comhshocruithe Domhanda maidir le himirce agus dídeanaithe.

» **Méadóimid** ár gcumas chun cineálacha cur chuige réigiúnacha a fhorbairt, i limistéir amhail Corn na hAfraice agus an tSaiheil, maidir le ceisteanna trasteorann amhail coinbhleacht agus leochaileacht, maolú athrú na haeráide agus oiriúnú ina leith, riosca tubaistí a laghdú, agus bainistíocht ar imirce, lena n-áirítear trí oibriú i ndlúthchomhar le comhpháirtithe an Aontais Eorpaigh.

» **Comhoibreoimid** leis na príomh-institiúidí airgeadais idirnáisiúnta sa réigiún, amhail Banc Forbartha na hAfraice; fiosróimid comhpháirtíochtaí nua d'fhonn tacú lena bhforbairt beartais agus le cláir a chur chun feidhme; agus neartóimid ár rannpháirtíocht i sásraí airgeadais chumaisc chun poist a chruthú.

# 5

## Déanfaidh Éire comhpháirtíocht an Aontais Eorpaigh níos uaillmhianaí agus níos éifeachtaí leis an Afraic a chur chun cinn agus cuirfidh sí léi.

Mar léiriú ar thiomantas diongbháilte na hÉireann dár mballraíocht san Aontas Eorpach, beidh an tAontas Eorpach ag croílár ár rannpháirtíochta feabhsaithe le mór-roinn na hAfraice.

D'fhonn cur le cur chuige an Aontais Eorpaigh i bhfad níos uaillmhianaí maidir leis an Afraic, déanfaimid an méid seo a leanas:

- **Oibreoimid go dlúth** le comhpháirtithe an Aontais Eorpaigh agus na hAfraice chun bonneagar polaitiúil níos uaillmhianaí a fhorbairt chun taca a chur faoi chomhpháirtíocht neartaithe an Aontais Eorpaigh/na hAfraice chun leasa an dá mhór-roinn araon.
- **Glacfaimid páirt** réamhghníomhach in iarrachtaí an Aontais Eorpaigh chun comhpháirtíochtaí polaitiúla a neartú lena n-áirítear tríd an bpróiseas chun comhaontuithe comharbachta ar Chomhaontú Comhpháirtíochta Cotonou agus sásraí maoinithe comharsanachta Eorpacha a idirbheartú, agus oibreoimid go dlúth le Ballstáit eile den Aontas Eorpach chun cuir chuige chomhordaithe agus chomhleanúnacha a chinntiú sna réimsí comhoibrithe uile leis an Afraic.
- **Glacfaimid páirt** réamhghníomhach i ngníomhaíochtaí síochána agus slándála an Aontais Eorpaigh san Afraic, lena n-áirítear tacaíocht ón Aontas Eorpach d'oibríochtaí síochána de chuid an Aontais Afracaigh agus trí phearsanra sibhialtach agus de chuid na bhFórsaí Cosanta a chur le misin Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh san Afraic.



*An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney, T.D., ag bualadh le hIonadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don tSaiheil, Ángel Losada Fernández, i mBaile Átha Cliath. Deireadh Fómhair 2019. © Phil Behan / RGET*



*An tAire Stáit ar a bhfuil freagracht ar leith as an Diaspóra agus Forbairt Idirnáisiúnta, Ciarán Cannon, T.D., ag bualadh le Leas-Aire Caidreamh Idirnáisiúnta agus Comhoibrithe Phoblacht na hAfraice Theas, Alvin Botes, i mBaile Átha Cliath. Samhain 2019. © Phil Behan / RGET*

» **Déanfaimid abhcóideacht** ar son comhpháirtíocht neartaithe idir an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe sna hoibríochtaí síochána agus bainistíocht géarchéime, sa chomhthéacs gurb í Éire an soláthraí is mó in aghaidh an duine san Aontas Eorpach de choimeádaithe síochána na Náisiún Aontaithe.

» **Uasmhéadóimid** deiseanna maidir le hinfheistíocht agus trádáil idir Éire agus an Afraic trí Chomhaontas na hAfraice/na hEorpa um Infheistíocht Inbhuanaithe agus Poist agus trí ionstraimí infheistíochta Eorpacha amhail an Banc Eorpach Infheistíochta.

» **Cinnteoimid** go n-aithnítear Éire mar phointe iontrála an-tarraingteach chuig Margadh Aonair an Aontais Eorpaigh mar thír i limistéar an euro ina labhraítear Béarla agus atá tiomanta do bhallraíocht san Aontas Eorpach.

» **Cinnteoimid** go léireofar luachanna agus tosaíochtaí na hÉireann i gcreat forbartha nua agus i mbuiséad na hEorpa, agus oibreoimid ar bhealach níos comhordaithe le hinstitiúidí forbartha an Aontais Eorpaigh agus le ballstáit ábhartha eile, lena n-áirítear rannpháirtíocht i gcláreagrú comhpháirteach, nuair is ábhartha.

» **Cothóimid** nuáil i gcomhar le comhpháirtithe san Afraic, go háirithe i réimsí atá chun leasa an dá thaobh faoi Chreatchláir an Aontais Eorpaigh maidir le Taighde agus Nuáil, agus trí fhorbairt a dhéanamh ar chomhpháirtíocht Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála lena dtugtar tacaíocht do thaighde chun tabhairt faoi dhúshláin dhomhanda.

# 6

## Tabharfaidh Éire faoi chur chuige comhoibritheach 'Foireann Éireann' inár gcuid oibre uile san Afraic

Trí chur chuige láidir 'Foireann Éireann' méadófar ár dtionchar agus cinnteofar go n-éireoidh leis an Straitéis seo.

Déanfaimid an méid seo a leanas:

- **Leathnóimid** ár líonra d'Ambasáidí ar an mór-roinn faoi 25%, trí thrí Ambasáid nua a oscailt le linn shaolré na Straitéise seo: i Maracó, sa dara leath de 2020, agus in dhá thír eile san Afraic Thiar faoi 2025, go háirithe chun freastal ar ár leasanna sa tSaiheil agus san Afraic Thiar ina labhraítear Fraincis, in éineacht leis na hinfheistíochtaí gaolmhara riachtanacha chun tacú le bunú agus le hoibriú na Misean nua sin.
- **Soláthróimid** Seansaireacht shuaitheanta uasghrádaithe sa Nigéir, a bheidh nasctha le neartú níos leithne ár láithreachta san Afraic Thiar.
- **Bainfimid leas** as ar ár líonra d'Ambasáidí agus as naisc eile d'fhonn cur chuige níos réigiúnaí a fhorbairt san Afraic Thiar, i gCorn na hAfraice agus i nDeisceart na hAfraice, lena n-áirítear rannchuidiú le freagairt tras-Rialtais níos cuimsithí maidir le dúshláin na síochána agus na slándála, sineirgí a aithint agus tionchar ár n-oibre a uasmhéadú.



*An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Katherine Zappone, T.D., le ceoltóirí ón Afraic Theas agus ó Éirinn, ar cuairt ar Ealaíona Pobail Sibikwa in Johannesburg chun Lá Fhéile Pádraig a cheiliúradh le ceol cumaisc na hAfraice Theas/na hÉireann. Márta 2019. © Jerry O'Connor / RLGO*

- **Neartóimid** ár gcumas chun dul i ngleic le ceisteanna na hAfraice laistigh den Aontas Eorpach, lena n-áirítear trí láithreacht mhéadaithe sa Bhruiséil agus trí náisiúnaigh na hÉireann a shocrú go straitéiseach in oifigí an Aontais Eorpaigh.
- **Leathnóimid** ár gcomhpháirtíocht le Saorálaithe na Náisiún Aontaithe chun tacú le socrúcháin do shaorálaithe na Náisiún Aontaithe in oifigí san Afraic.
- **Soláthróimid** seirbhísí consalachta d'ardchaighdeán do shaoránaigh na hÉireann san Afraic agus neartóimid ár líonra de Chonsail Oinigh san Afraic d'fhonn cuspóirí straitéiseacha an Rialtais a bhaint amach ar bhealach níos fearr.
- **Forbróimid** lorg Fhiontar Éireann san Afraic Theas, sa Nigéir agus sa Chéinia, agus a chumhdach ar an Afraic Thuaidh, d'fhonn tacú le cuideachtaí na hÉireann pointí iontrála a shainaithint chuig margadh na hAfraice óna mbeidh siad in ann a gcuid gnó a mhéadú.
- **Ardóimid feasacht** ar Éirinn mar cheann scríbe infheistíochta trí fhionnachtaí ÚFT a cheapadh san Afraic.
- **Tacóimid** le honnmhairithe bia agus deochanna trí láithreacht leathnaithe an Bhoird Bia san Afraic.
- **Tacóimid** le hiarrachtaí chun naisc dhíreacha ar eitleáin agus ar muir a mhéadú idir Éire agus an Afraic.
- **Forbróimid** nascálacha institiúideacha le comhpháirtithe san Afraic chun malartú beartais agus ceangail muintir le muintir mhéadaithe a chur chun cinn chun tairbhe an dá thaobh.
- **Cuirfimid** béim athnuaite ar chumarsáid éifeachtach agus rannpháirtíocht phoiblí chun an fhís a leagtar amach sa Straitéis seo a chur chun cinn.
- **Tuairisceoimid** go bliantúil don Rialtas ar dhul chun cinn.




# Lorg na hÉireann san Afraic

- Ambasáidí
- Ambasáidí faoi 2025
- Consail Oinigh
- Láithreacht an Bhoird Bia / Fhiontar Éireann / ÚFT
- Rannpháirtíocht reatha na hÉireann i misin síochánaíochta na Náisiún Aontaithe
- Rannpháirtíocht reatha na hÉireann i misin CBSC an Aontais Eorpaigh

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

ireland.ie